Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 35

# Arm-Phinsin

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 35, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ae an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 le haghaidh pá scoir, pinsean, cúitimh, liúntas agus aiscí is iníoctha faoi ilreachtanna le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann agus d'Eagraíochtaí Míleata áirithe eile, etc., nó ina leith sin, agus le haghaidh il-ranníocaí agus ilspeansais i ndáil leo sin; le haghaidh liúntais eisceachtúla áirithe leanaí agus íocaíochtaí eile agus ildeontas.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €8.109 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte párolla pinsin.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Is é seo an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna riaracháin, tuairisciú an lucht bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal an lucht bainistíochta.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta bunaithe, ar a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách, chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú an lucht bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta an lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- tá córas iomchuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta,
- déanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ina n-oibríonn pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt i scríbhinn arna faomhadh agam féin. Feidhmíonn an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí go neamhspleách agus is é atá mar bhonn lena chuid oibre anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne, lena n-áirítear Vóta na nArm-Phinsean agus bíonn a phleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Áirítear i bplean iniúchóireachta inmheánaí 2021 iniúchadh a bhaineann le réimse Vóta na nArm-Phinsean. Déanaimse, agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta I bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm agus déantar sainaithint agus tuairisciú leis ar príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus táthar tar éis iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn míosúil. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith a oibriú.

***Faireachán agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomhaíochta ceartaithí agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a thugtar le fios a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an faireachán agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais na Roinne curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Paindéim Covid -19***

Mar thoradh ar thús phaindéim Covid-19 go luath in 2020, cuireadh roinnt athruithe i bhfeidhm ar an timpeallacht oibre agus ar an timpeallacht rialaithe de bharr thabhairt isteach na cianoibre agus na hoibre fíorúla, i gcás gurb indéanta agus gur cuí, agus aird á tabhairt ar chineál na hoibre sa Roinn. Mar thoradh air sin, thug an Roinn roinnt athruithe nósanna imeachta agus rialaithe isteach. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, rinne an lucht bainistíochta measúnú iomlán ar an riosca a bhaineann le tionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go bhfuil na rialuithe reatha agus na rialuithe a tugadh isteach mar thoradh ar phaindéim Covid-19 fós éifeachtach.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor tarraingíodh aird ar aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2020 a éilíonn go nochtfar iad sa chuntas leithreasa seo.

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
Arm-Phinsin

26 Márta 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 35 Arm-Phinsin

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Arm-Phinsin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meitheamh 2021

## Vóta 35 Arm-Phinsin

# Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Soláthar do shochair phinsin Óglaigh na hÉireann | 259,150 | 251,027 | 250,966 |
| **Ollchaiteachas** | | **259,150** | **251,027** | **250,966** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **5,000** | **4,986** | **5,081** |
| **Glanchaiteachas** | | **254,150** | **246,041** | **245,885** |

**Farasbarr**

Is ionann an farasbarr agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime feidhmithe atá faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **8,109,287** | **148,239** |

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
Arm-Phinsin

26 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | 250,963 | 250,903 |
| Pá | 61 | 51 |
| Neamhphá | 3 | 12 |
| **Ollchaiteachas** | **251,027** | **250,966** |
| *Lúide* | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | **4,986** | **5,081** |
| **Glanchaiteachas** | **246,041** | **245,885** |
| | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | 2,793 | 2,549 |
| **Glanchostas an chláir** | **248,834** | **248,434** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 35 a tabhaíodh in áit eile i ndáil le riar sochar pinsin agus seirbhísí eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 1,147 | 1,171 |
| Vóta 36 | Cosaint | 1,646 | 1,378 |
| | | **2,793** | **2,549** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 51 | 201 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | — | 6 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **51** | **207** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.1 | 36 | 60 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.2 | 15 | 147 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **51** | **207** |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | — |
| **Glansócmhainní** | | **—** | **—** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um maoiniú Stáit** | 2.3 | **—** | **—** |

### 2.1 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| amhail an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 1 | 1 |
| Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla | — | 3 |
| | 1 | 4 |
| Íocaíochtaí pinsin á gcoimeád i bhfionraí | 35 | 56 |
| | **36** | **60** |

## 2.2 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 8,109 | 148 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (8,094) | (1) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **15** | **147** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 51 | 201 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | — | 6 |
| | 51 | 207 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1) | (4) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (35) | (56) |
| | (36) | (60) |
| | | |
| | **15** | **147** |

## 2.3 An cuntas um maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | — | — |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 254,150 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (8,109) | | |
| Glanvóta | | | 246,041 | 245,885 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 2,793 | 2,549 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (248,834) | (248,434) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **—** | **—** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Clár A Soláthar do shochair phinsin Óglaigh na hÉireann

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 70 | 64 | 63 |
| A.2 | Scéimeanna (pinsin) agus íocaíochtaí Óglaigh na hÉireann i ndáil le seirbhís aistrithe | 249,535 | 242,855 | 242,158 |
| A.3 | Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí le hiar-chomhaltaí d’Óglaigh na hÉireann nó i ndáil leo | 9,000 | 7,820 | 8,398 |
| A.4 | Íocaíochtaí le céilí athlaochra Chogadh na Saoirse | 220 | 154 | 223 |
| A.5 | Íocaíochtaí cúitimh | 225 | 74 | 74 |
| A.6 | Feistí leighis agus speansais taistil agus theagmhasacha | 100 | 60 | 50 |
| | | **259,150** | **251,027** | **250,966** |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas a bhain le Clár A €8.123 milliún níos ísle ná an meastachán bunaidh. Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 5% agus +/- €100,000).

**A.3 Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí le hiar-chomhaltaí d’Óglaigh na hÉireann nó i ndáil leo**

*Soláthar meastacháin €9 milliún; toradh €7.82 milliún*

Baineann an fotheideal seo le thart ar 4% de chaiteachas na bpinsean míleata.

Is éard is cúis leis an difríocht sin ná gur íocadh líon ní ba lú pinsean míchumais agus cnapshuimeanna míthreoracha in 2020 ná mar a bhíothas ag súil leo. Is iad na tosca a bhfuil tionchar acu ar chaitheamh ná líon agus toradh na n-iarratas nua ar an bpinsean míchumais. Rud mór a chuaigh i bhfeidhm air sin in 2020 ná nach raibh Bord na nArm-Phinsean, a dhéanann imscrúdú ar iarratais ar an bpinsean míchumais agus ar aiscí míthreoracha, in ann teacht le chéile d’fhormhór na bliana de bharr shrianta phaindéim Covid-19.

**A.5 Íocaíochtaí cúitimh**

*Soláthar mheastacháin €225,000; toradh €74,000*

Déantar foráil sa phríomhghné ‘teagmhasachta’ den fhotheideal seo le haghaidh cúiteamh speisialta cnapshuime a bheith á íoc ag an Roinn Cosanta i ndáil le básanna a bhaineann le seirbhís ghaolmhar nó míthreorú comhaltaí d’Óglaigh na hÉireann le linn dóibh bheith ar dualgas thar lear leis na Náisiúin Aontaithe agus ar mhisin áirithe eile. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí dá leithéid sa chatagóir seo in 2020.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsean Céilí agus Leanaí Óglaigh na hÉireann | 3,347 | 3,223 | 3,425 |
| 2 | Ranníocaíochtaí le (Príomh-)Scéimeanna Pinsean Ranníocach Óglaigh na hÉireann | 1,500 | 1,692 | 1,636 |
| 3 | Aisghabhálacha ró-íocaíochtaí | 40 | 70 | 19 |
| 4 | Íocaíochtaí faighte i ndáil le seirbhís aistrithe | 40 | — | — |
| 5 | Míreanna ilghnéitheacha | 70 | — | — |
| 6 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 3 | 1 | 1 |
| | **Iomlán** | **5,000** | **4,986** | **5,081** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000).

**2 Ranníocaíochtaí le (Príomh-)Scéimeanna Pinsean Ranníocach Óglaigh na hÉireann**

*Meastachán €1.5 milliún; réadaithe €1.692 milliún*

Is éard atá i gceist le formhór na bhfáltas faoin bhfotheideal seo ná ranníocaíochtaí fostaithe leis na scéimeanna pinsin ag pearsanra de chuid na mBuan-Óglach. Beidh éagsúlacht i gceist sna ranníocaíochtaí mar gheall ar athruithe pearsanra, tuillimh inphinsin agus arduithe céime sna Buan-Óglaigh. Dá réir sin, baineann deacracht leis an leibhéal fáltas a thuar in aon bhliain ar leith.

## Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon Fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon foirne | **1** | **1** |

### 5.2 Pá

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 59 | 49 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2 | 2 |
| **Pá iomlán [a]** | **61** | **51** |

Nóta [a] Áirítear san fhigiúr pá thuas tuarastal comhalta foirne lánaimseartha amháin sa Roinn Cosanta (féach Nóta 5.1) a sholáthraíonn tacaíocht riaracháin do Bhord na nArm-Phinsean agus táillí a íocadh le beirt chomhaltaí den Bhord in 2020. Gearrtar na costais phá seo, agus na costais taistil gaolmhara de €3,000, chuig fotheideal A.1.

I láthair na huaire, tá 23.5 fostaí (coibhéisí lánaimseartha) sa Roinn Cosanta ag díriú go hiomlán ar shocruithe aoisliúntais agus míchumais Óglaigh na hÉireann a riar. Gearrtar a luach saothair, atá cothrom le thart ar €1,074,000, chuig Vóta 36.

## 5.3 Pinsean scoir (bliantúil) – meáníocaíochtaí le pearsanra de chuid na mBuan-Óglach atá imithe ar scor [a]

| Catagóir an phinsinéara | Oifigigh ar scor ag deireadh na bliana | | Meáníocaíocht aonair (slánaithe) | |
|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Oifigigh ar scor | 1,853 | 1,865 | 32,100 | 31,500 |
| Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe (ONCanna) agus saighdiúirí singile ar scor | 9,086 | 8,976 | 17,100 | 16,800 |
| Cleithiúnaithe agus eile [b] | 1,833 | 1,846 | | |
| **Iomlán** | **12,772** | **12,687** | | |

Nóta [a] Léirítear i dTábla 5.3 an líon iomlán daoine le haghaidh gach catagóire faighteoirí ó gach fotheideal ábhartha ag deireadh na bliana laistigh de Vóta 35. Tá pinsean scoir mhíleata agus pinsean míchumais mhíleata araon á bhfáil ag roinnt pearsanra ar scor, agus tá íocaíochtaí cosúla iníoctha freisin le roinnt céilí/leanaí pearsanra éagtha: ní chomhairtear faighteoirí dhá phinsean dá leithéid ach uair amháin chun críche líon na ndaoine thuasluaite. Déantar an mheáníocaíocht aonair pinsin taifeadta do phearsanra ar scor a ríomh trí thagairt a dhéanamh do chaiteachas iomlán ar phinsin scoir amhail deireadh na bliana faoi Fhotheideal A2.

[b] Níl an mheáníocaíocht aonair taifeadta thuas faoi 'cleithiúnaithe agus eile' de bhrí go dtugtar athrú sna suimeanna faoi deara mar gheall ar na catagóirí difriúla faighteoirí laistigh den fhoghrúpa seo. In 2020, bhí meánphinsean na gcleithiúnaithe a bhain le haoisliúntais le haghaidh 1,410 faighteoir cothrom le €9,300, a bhí cosúil le 2019, tríd is tríd.

## 5.4 Aisce scoir (cnapshuim) – meáníocaíochtaí nuair a imíonn duine ar scor le pinsean[a]

| Catagóir an phinsinéara | Líon faighteoirí | | Meáníocaíocht aonair (slánaithe) | |
|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| **Daoine nua atá imithe ar scor a bhfuil pinsean á fháil acu i rith na bliana** | | | | |
| Oifigigh | 25 | 51 | 99,250 | 91,700 |
| Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe (ONCanna) agus saighdiúirí singile ar scor | 267 | 361 | 44,550 | 39,600 |
| **Iomlán** | **292** | **412** | | |

Nóta [a] Athraíonn leibhéal na haisce pinsin agus scoir ag brath ar an gcéim scoir, tuillimh inphinsin, seirbhís ináirithe iomlán, etc.

## Nóta 6 Míreanna ilghnéitheacha

### 6.1 Íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíochtaí

Bhí 83 ró-íocaíocht amuigh ag deireadh na bliana (2019: 74), a bhí cothrom le €64,686, dar bhain €24,728 le blianta roimhe sin. Tháinig ró-íocaíochtaí dar luach €102,652 chun solais in 2020, a ndearnadh €61,467 díobh a aisghabháil agus €1,227 a dhíscríobh. Tá iarrachtaí á ndéanamh aon suimeanna amuigh a aisghabháil. Baineann formhór na ró-íocaíochtaí seo leis an gcion den phinsean a íocadh sa tréimhse i ndiaidh dáta bás pinsinéara, i gcás gur próiseáladh an párolla míosúil don mhí sin cheana féin.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Iarmhéid tosaigh** | | **54,224** | **45,432** |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh sa bhliain | | 102,652 | 58,525 |
| | | 156,876 | 103,957 |
| **Forchúitithe** | | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh in 2020 | 61,467 | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh roimh 2020 | 26,209 | 87,676 | 43,972 |
| | | 69,200 | 59,985 |
| **Díscríofa** | | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh in 2020 | 1,227 | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh in 2020 | 3,287 | 4,514 | 5,761 |
| **Iarmhéid deiridh** | | **64,686** | **54,224** |

### 6.2 Íocaíochtaí faoi réir laghdú pinsean seirbhíse poiblí

Mura gcuirtear na figiúirí ag 6.1 thuas san áireamh, bhí 14 ró-íocaíocht eile amuigh ag deireadh na bliana a bhí cothrom le €40,327 (féach an tábla thíos). Bhain siad sin le hiar-chomhaltaí na mBuan-Óglach a raibh pinsin scoir mhíleata á bhfáil acu, a bhí tar éis glacadh le fostaíocht in áit éigin eile sa tseirbhís phoiblí. Tá a leithéid sin de phinsin faoi réir fhorálacha laghdaithe alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. I ngach cás, d'eascair na ró-íocaíochtaí pinsin as moilleanna a raibh an fostóir seirbhíse poiblí ábhartha freagrach astu i ndáil le fógra a chur chuig an Roinn Cosanta maidir le hathfhostú an phinsinéara. Tháinig ró-íocaíochtaí dar luach €8,136 chun solais in 2020 i ndáil le 5 chás, ar aisghabhadh €1,197 de.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Iarmhéid tosaigh** | | **50,201** | **52,950** |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh sa bhliain | | 8,136 | 18,451 |
| | | 58,337 | 71,401 |
| **Forchúitithe** | | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh roimh 2020 | 16,813 | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh in 2020 | 1,197 | 18,010 | 21,200 |
| **Iarmhéid deiridh** | | **40,327** | **50,201** |